# Aifreann Domhnach na Misean
# 19 Deireadh Fómhair 2025

MISSIO IRELAND

**An Naoú Domhnach Fichead Saor**
Ar Son Chraobhscaoileadh An tSoiscéil do na Ciníocha
(Leabhar Aifrinn Rómhánach, pp 1407 ff)

Is féidir an t-aifreann seo a úsáid ar Dhomhnach na Misean.

### An Iontróid — Salm 95:3-4

Insígí a tiarna i measc na gciníocha;
agus a éachtaí i measc na bpobal go léir;
Óir is mór é an Tiarna agus is díol mór molta é.

### Gníomh Aithrí

A Thiarna Íosa, tháinig tú chun na ciníocha a chruinniú le chéile i síocháin ríocht Dé.

A Thiarna, déan trócaire:
**A Thiarna, déan trócaire.**

Tagann tú i mbriathar agus i sacraimint chun sinn a neartú sa naofacht:

A Chríost, déan trócaire.
**A Chríost, déan trócaire.**

Tiocfaidh tú faoi ghlóir le slánú do do phobal:

A Thiarna, déan trócaire.
**A Thiarna, déan trócaire.**

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacaí dúinn agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. Amen

A Dhia ar thoil leat go mbeadh d'Eaglais ina sacraimint shlánaithe do na ciníocha go léir ionas go mairfeadh saothar slánaitheach Chríost go dtí deireadh na n-aoiseanna, spreag croíthe d'fhíréan agus deonaigh go mothóidh siad go bhfuil siad á ngairm le breis práinne chun an chruthaíocht uile a shlánú ionas go n-éireoidh is go bhfásfaidh as na pobail go léir aon chlann amháin agus aon phobal amháin duitse.

Trínár dTiarna Íosa Chríost do Mhac, a mhaireann agus a rialaíonn leatsa in aontacht an Spioraid Naoimh, ina Dhia, trí shaol na saol. Amen.

## Liotuirgé An Bhriathair

### An Chéad Léacht — Eaxodus 17:8-13

Ansin tháinig Amailéic agus d'ionsaigh sé Iosrael i Reifídím. Agus dúirt Maois le Iósua: "Togh buíon fear dúinn agus téigh amach chun troda le hAmailéic ar maidin amárach. Seasfaidh mise ar mhullach an chnoic agus slat Dé i mo láimh." Rinne Iósua rud ar Mhaois agus throid le hAmailéic ach chuaigh Maois agus Árón agus Húr go mullach an chnoic. Fad a choinnigh Maois a lámh in airde, bhí an lá le hIosrael, ach nuair a ligeadh sé anuas í, bhíodh le hAmailéic. Ach bhuail tuirse lámha Mhaois agus fuaireadar cloch agus chuireadar faoi í. Shuigh sé uirthi agus Árón agus Húr ag coinneáil a lámh in airde, duine ar gach taobh de, agus bhí a lámha gan cor astu go fuineadh gréine. Threascair Iósua Amailéic agus a mhuintir chun láir le faobhar claímh.

**Briathar an Tiarna**

### Salm 120
### Is é an Tiarna ár nDídean

*Amhrán Oilithreach*
*Freagra:* **Is ón Tiarna féin atá mo chúnamh, a rinne neamh agus talamh.**

Tógaim mo shúile chun na sléibhte.
Cad as do mo chúnamh?
Is ón Tiarna féin atá mo chúnamh,
a rinne neamh agus talamh. ***(Fr)***

Nár lige sé duit tuisliú go deo;
nár dhéana do gharda codladh.
Féach! ní thitfidh sámhchodladh ná suan
ar gharda Iosrael. ***(Fr)***

Is é an Tiarna do gharda is do dhídean,
agus é ar do dheis.
Ní bhuailfidh an ghrian thú i rith an lae,
ná an ré istoíche. ***(Fr)***

Coimeádfaidh an Tiarna ón uile olc thú;
coimeádfaidh sé d'anam.
Coimeádfaidh an Tiarna thú ag imeacht is ag teacht duit,
anois agus choíche. ***(Fr)***

## An Dara Léacht

**Dara Litir Naomh Pól chuig Tiomóid**
3:14-4:2

Cloíghse, áfach, leis an teagasc a fuair tú, teagasc a bhfuil tú suite go daingean de. Tuigeann tú cé uathu a fuair tú an teagasc sin, agus tuigeann tú chomh maith go raibh eolas agat ó aois na hóige ar na scríbhinní naofa a bhfuil de chumas acu tú a dhéanamh eagnaí agus tú a sheoladh chun do shlánaithe trí chreideamh i gCríost Íosa. Gach cuid den scrioptúr, tá tinfeadh Dé faoi agus tá tairbhe ann chun teagasc a thabhairt, chun earráidí a bhreagnú, chun daoine a cheartú agus iad a mhúineadh chun fíréantachta ar shlí go mbeadh óglach Dé lánoilte ar a cheird agus ullamh i gcomhair gach cineál deaoibre. I bhfianaise Dé agus i bhfianaise Chríost Íosa atá chun breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, achtaím ort dar a thaibhsiú agus dar a ríocht an briathar a fhógairt ar do dhícheall i dtráth agus in antráth. Bí ag áiteamh, ag casaoid, ag spreagadh agus ag teagasc go foighneach gan stad.

**Briathar an Tiarna**

## Alleluia Alleluia

Go soilsítear súile bhur n-aigne ar shlí go dtuigfidh sibh cad é mar údar dóchais daoibh bhur ngairm aige agus cad é mar oidhreacht fhairsing ghlórmhar atá aige i ndán don phobal naofa.

**Alleluia**

## An Soiscéal

**Soiscéal Naofa Íosa Críost de réir Lúcáis**
18:1-8

**An Breitheamh Éagórach**
Dúirt sé parabal leo á chur i gcéill nárbh fholáir dóibh bheith ag guí de ghnáth gan bheith cortha de choíche: "Bhí, i gcathair áirithe, breitheamh nach raibh eagla Dé air ná beann ar dhuine aige. Bhí baintreach sa chathair sin freisin agus bhíodh sí ag teacht chuige, ag rá: 'Déan ceart dom in aghaidh fhear mo chúisithe,' ach níorbh áil leis é seal aimsire; ach sa deireadh dúirt sé ina aigne: 'Más ea féin nach bhfuil eagla Dé orm ná beann ar dhuine agam, ina dhiaidh sin, de chionn go mbíonn an bhaintreach seo do mo bhuaireamh, déanfaidh mé ceart di, le heagla go mbeadh sí ag teacht go deo ag crá mo chinn.'" Agus dúirt an Tiarna: "Éistigí leis an mbreitheamh éagórach, a ndeir sé! [7]Agus an ea nach ndéanfaidh Dia ceart dá mhuintir thofa féin a bhíonn ag éamh air de lá is d'oíche, agus eisean ag déanamh foighne ina gcás? Deirim libh, déanfaidh sé ceart go grod. Ach nuair a thiocfaidh Mac an Duine, an bhfaighidh sé creideamh ar an talamh?"

**Soiscéal an Tiarna.**

## Guí an Phobail

**Ceiliúraí:** Bailíonn grá Chríost le chéile sinn Domhnach na Misean, ionas go bhféadfaimis athnuachán a dhéanamh inár dtiomantas, an Soiscéal a thabhairt chun críche an domhain agus mar sin, guímid chuig ár n-Athair grámhar:

1. Ar an Domhnach Misean Domhanda seo, guímis ar son críostaithe atá á géarleanúint ar fud an domhain. Go n-aithneofar a gcearta daonna, a gcomhionannas agus a saoirse reiligiúnach.
   **A Thiarna, éist linn.**

2. Guímis ar bPápa Leo, agus é ag aireachtáil, ag stiúradh, agus ag athnuachan an tréad atá ina chúram.
   **A Thiarna, éist linn.**

3. Guímis ar son na misinéirí go léir: as na pobail Chríostaí a sheol iad agus dóibh siúd go léir a fuair agus a chuir fáilte rompu. Iarraimid ar Dhia ár misean uile a bheannú agus iad siúd a sheoltar chun aire dúinn anseo sa bhaile a bheannú.
   **A Thiarna, éist linn.**

4. Guímis ar son ár dteaghlach féin: gabhaimid buíochas le Dia as ár ngaolta. Cuimhnímid go háirithe orthu siúd atá tinn, buartha nó a bhfuil do shólás de dhíth ort.
   **A Thiarna, éist linn.**

5. Guímís ar son ár misnéirí a fuair bás agus ar son na mairbh go leir. Tugaimíd chun cuimhne go speisialta Pápa Proinsias agus misnéirí a céasadh chun báis i rith na bliana, A Thiarna, fáiltigh rompu isteach i solas do ghlóire agus bronn suaimhneas síoraí orthu. **A Thiarna, éist linn.**

**Ceiliúraí**: A Athar, chuir tú do Mhac inár measc, mar an chéad mhisinéir, chun do phlean slánúcháin iontach a nochtadh. Trí na bronntanais a thugann tú dúinn, go leanaimis ag fás i gcomaoin lenár ndeartháireacha agus lenár ndeirfiúracha ar fud an domhain. **Trí Íosa Críost, ár dTiarna Amen**

## Os cionn na nOfrálacha

Glac, a Thiarna, le tabhartais na hEaglaise impíche agus, arna nglacadh, go dté siad suas i láthair do mhórgachta faoi mar ab ionúin leat an pháis ghlórmhar a d'fhulaing do Mhac ar son shlánú an domhain go léir.

## PREAFÁID VII DO DHOMHNAÍ 'LE LINN NA BLIANA'

**Slánú trí umhlaíocht Chríost**

Is ceart agus is cóir dúinn, do demhin, is cuí agus is tairbheach buíochas a ghabháil leat de shíor agus i ngach áit, a Thiarna, a Athair naofa, a Dhia uilechumhachtaigh shíoraí. Óir ghráigh tú an domhan le trócaire chomh mór sin gur sheol tú do Mhac chugainn mar Shlánaitheoir, arbh é do thoil go mbeadh sé ar aon dul linne, ach gan smál peaca, ionas gur ghean leat ionainne gach ar ghean leat sa Mhac,
ar trína umhlaíocht a tugadh ar ais sinn
chun do thabhartas a chailleamar trí
easumhlaíocht ár bpeacaí.

Uime sin, a Thiarna, mar aon leis na hAingil and leis na Naoimh go léir, molaimid thú and deirimid le mórtas:

***Is naofa, naofa, naofa…***

## An Chomaoineach

Marcus 16:15

Imígí faoin domhain uile, agus fógraigí an soisceál don chruthaíocht uile, a deir an Tiarna.

## An Iarchomaoineach

Go ndéana ár bpáirt i do bhéile sinn a naomhú,
impímid ort, a Thiarna,
ionas go nglacfaidh gach cine go lúcháireach
trí shachraimint **d'Eaglaise**

an slánú a chuir do Mhac Aonghine i gcrích ar an gcros.
Trí Chríost ár dTiarna. **Amen**

